



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2024
(OR. en)

5785/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0009(NLE)

UD 12
COMER 16
MED 7
WTO 11

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Eanáir 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 19 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótocal 4 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 19 final.

Faoi iamh: COM(2024) 19 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.1.2024
COM(2024) 19 final

2024/0009 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh a atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Comhlachais an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Éigipt i ndáil le Cinneadh a bheartaítear a ghlacfar, Cinneadh lena leasaítear Prótacal 4 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Éigipt.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile

Is é is aidhm don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile ¹(‘an Comhaontú’), na coinníollacha a bhunú chun trádáil earraí, seirbhísí agus caipitil a léirscaoileadh de réir a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2004.

2.2. An Chomhairle Comhlachais

Féadfaidh an Chomhairle Comhlachais, arna bunú i gcomhréir le forálacha Airteagal 74 den Chomhaontú, a chinneadh forálacha Phrótacal 4 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh agus modhanna comhair riaracháin a leasú (Airteagal 3 de Phrótacal 4²). Is trí chomhaontú idir an dá Pháirtí a tharraingíonn an Chomhairle Comhlachais suas a cuid cinntí agus moltaí (Airteagal 76 den Chomhaontú Comhlachais).

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhairle Comhlachais

Sa chéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle Comhlachais nó trí mhalartú litreacha, tá i gceist go nglacfaidh sí Cinneadh maidir le leasú ar fhorálacha Phrótacal 4 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin (‘an gníomh atá beartaithe’).

Is é cuspóir an ghnímh atá beartaithe dhá leasú a thabhairt isteach ar fhorálacha Phrótacal 4 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin, mar a thuairiscítear faoi roinn 3.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 76, mír 2 den Chomhaontú Comhlachais.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Comhthéacs ginearálta

Leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (‘an Coinbhinsiún’) leagtar síos forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na Comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha. Shínigh an tAontas Eorpach agus an Éigipt an Coinbhinsiún an 15 Meitheamh 2011 agus an 9 Deireadh Fómhair 2013, faoi seach.

Rinne an tAontas agus an Éigipt a n-ionstraim ghlactha a thaisceadh le tascí an Choinbhinsiúin an 26 Márta 2012 agus an 23 Aibreán 2014, faoi seach. Mar thoradh air sin, agus trí Airteagal 10(2) a

¹ IO L 304, 30.9.2004, lch. 39.

² IO L 334, 22.12.2015, lch. 64.

chur i bhfeidhm, tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas agus an Éigipt an 1 Bealtaine 2012 agus an 1 Meitheamh 2014, faoi seach.

Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart don Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, Cinneadh a ghlacadh lena dtabharfar isteach rialacha an Choinbhinsiúin faoi Phrótacal 4 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin. Rinneadh é sin trí thagairt don Choinbhinsiún a thabhairt isteach i bPrótacal 4 ionas go mbeidh sé infheidhme.

An tráth céanna, mar thoradh ar an bpróiseas a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a leasú thángthas ar thacar nua rialacha tionscnaimh atá nuachóirithe agus níos solúbtha. Ghlac na Páirtithe Conarthacha an leasú foirmiúil ar an gCoinbhinsiún d’aon toil an 7 Nollaig 2023. Ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún leasaithe ach amháin ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Ós amhlaidh atá, tá iarrtha ag an Éigipt go gcuirfí an tacar nua rialacha tionscnaimh i bhfeidhm a luaithé is féidir, mar mhalairt ar na rialacha atá ann faoi láthair sa Choinbhinsiún, go dtí go mbeidh toradh ar an bpróiseas leasúcháin. Mínítear an iarraidh sin thíos.

Cur i bhfeidhm ginearálta na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh

Na rialacha tionscnaimh malartacha seo, dá ngairtear na Rialacha idirthréimhseacha, tá siad ceaptha lena gcur i bhfeidhm go sealadach, ar bhonn roghnach déthaobhach, ag an Aontas agus ag an Éigipt go dtí go dtiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm. Beartaítear iad a chur i bhfeidhm mar rogha mhalartach ar rialacha an Choinbhinsiúin, ar rialacha iad a bheidh gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha agus i gcomhaontuithe déthaobhacha gaolmhara eile idir na Páirtithe Conarthacha. Dá réir sin, ní bheidh na rialacha seo éigeantach, ach i gcás oibreoirí eacnamaíocha ar mian leo úsáid a bhaint as scéim fhabhrach a bheidh bunaithe ar na rialacha sin seachas scéim fhabhrach atá bunaithe ar an gCoinbhinsiún, féadfaidh siad iad a chur i bhfeidhm ar bhonn roghnach. Níl sé beartaithe an Coinbhinsiún a mhodhnú leo, coinbhinsiún a leanfaidh d’fheidhm a bheith aige idir na Páirtithe Conarthacha, agus ní athrófar leo cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe Conarthacha faoin gCoinbhinsiún.

Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tháinig líonra prótacal déthaobhach maidir le rialacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na Rialacha idirthréimhseacha³. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun na Rialacha idirthréimhseacha a chur chun feidhme leis na Páirtithe Conarthacha eile, faoi réir na nósanna imeachta um ghlacadh a bheith curtha i gcrích ag na páirtithe. Leis an líonra sin, ceadaítear carnadh a úsáid i measc na bPáirtithe Conarthacha a chuireann na Rialacha idirthréimhseacha i bhfeidhm.

Ag tús 2021, sheol an tAontas togra⁴ chuig an Éigipt maidir leis na rialacha tionscnaimh malartacha sin a ghlacadh. San fhochoiste deireanach um Chomhar Custaim a tionóladh i gCaireo an 18 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Éigipt in iúl don Aontas gur glacadh na rialacha sin agus gan ach forchoimeádas amháin a bheith ag gabhail leo, foirchoimeádas a bhaineann le fonóta⁵ faoi Airteagal 8(4) d’Fhoscríbhinn A. Is gá, mar sin, togra nua a chur isteach gan an fonóta sin. Cuirfidh scríosadh an fhonóta seo d’oibleagáid ar onnmhaireoirí an dá Pháirtí ainm na gcomhpháirtithe coiteanna a

³ IO C 51, 10.2.2023, lch. 1.

⁴ ST 11999/20 an 27 Samhain 2020 agus ST 11075/20 ar <http://register.consilium.europa.eu>

⁵ ‘Maidir leis an oibleagáid an ráiteas dá dtagraítear in Airteagal 8(3) a chur ar an gcruthúnas tionscnaimh, comhaontaíonn na páirtithe an oibleagáid sin a tharscaoileadh.’

léiriú ar chruthúnais tionscnaimh i gcás carnadh trasnánach. Tá tionchar teoranta aige sin ar onnmhaireoirí agus beidh siad in ann tairbhiú de na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh idir an tAontas agus an Éigipt.

Tréscailteacht na rialacha idir Coinbhinsiún UEM agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh

Déantar foráil sna Rialacha idirthréimhseacha maidir le tréscailteacht idir an dá shraith rialacha tionscnaimh, trí chead a thabhairt cruthúnas cúlghabhálach tionscnaimh a eisiúint ar bhonn cruthúnais arna eisiúint i gcomhréir le rialacha Choinbhinsiún UEM, agus an coinníoll a chomhlíonadh go gcomhlíonfar ceanglais an dá shraith rialacha leis na táirgí. (Airteagal 21(1)(d)).

Tar éis chur chun feidhme na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha eile i limistéar UEM i gcomhráth le rialacha Choinbhinsiún UEM, chuir na páirtithe leasmhara ar a shuíle don Choimisiún go gcuireann an dá shraith rialacha atá ann le chéile bac ar chur i bhfeidhm cuí na Rialacha idirthréimhseacha mar gheall ar an nós imeachta anásta chun an tréscailteacht idir an dá shraith rialacha dá bhforáiltear sna Rialacha idirthréimhseacha a chur i bhfeidhm.

Chomhaontaigh na Páirtithe Conarthacha a bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha á gcur i bhfeidhm acu gur cheart a mheas go bhfuil cruthúnas tionscnaimh arna eisiúint faoi rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún UEM bailí *go huathoibríoch* faoi na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll:

- (1) **Níor** cheart gur féidir tréscailteacht a bheith ann nuair a fhaightear an tionscnamh trí chardadh a chur i bhfeidhm le hábhair (nó le próiseáil) de thionscnamh Pháirtí Conarthach UEM nach gcuireann na Rialacha idirthréimhseacha i bhfeidhm, nó nach féidir carnadh a dhéanamh leo.
- (2) Ba cheart tréscailteacht a theorannú do tháirgí a bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha ina leith níos maolaithe ná rialacha Choinbhinsiún UEM, agus do na táirgí sin amháin,
- (3) Ní fhéadfaí ach táirgí lena gcomhlíontar rialacha tionscnamh Choinbhinsiún UEM a mheas mar tháirgí de thionscnamh na Rialacha idirthréimhseacha.

Leis an gcur chuige sin, bheadh gá le leasú ar na socruithe trádála déthaobhacha éagsúla idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a chuireann na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh i bhfeidhm, is é sin leasú ar an bprótacal maidir le rialacha tionscnaimh (Airteagal 8(1)(b) d'Fhoscríbhinn A den phrótacal maidir le rialacha tionscnaimh) a ghabhann leis na comhaontuithe trádála déthaobhacha éagsúla.

D'iarr an Éigipt go dtabharfaí an tréscailteacht uathoibríoch isteach ón tús sa tacar nua rialacha malartacha.

Ba cheart don Chomhairle an seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh den Chomhairle Comhlachais a bhunú.

Is leasuithe teicniúla iad na leasuithe atá beartaithe a mhéid a bhaineann leis an gCoinbhinsiún atá ann faoi láthair agus ní dhéantar difear leo do shubstaint an phrótacail maidir le rialacha tionscnaimh atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh ina leith.

3.1. Sonraí na rialacha tionscnaimh malartacha

Leis na leasuithe atá beartaithe, ar leasuithe iad a bhaineann le tacar malartach rialacha tionscnaimh a thabhairt isteach atá i bhfeidhm cheana féin idir an tAontas agus 13 chomhpháirtí⁶ ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, déantar foráil maidir le solúbthachtaí agus gnéithe breise den nuachóiriú, ar tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir leo cheana i gcomhaontuithe déthaobhacha eile (Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam, Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin, Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice) nó i scéimeanna fabhracha (Córas Ginearálaithe um Fhabhair). Is iad seo a leanas na príomhrialacha malartacha:

(a) Táirgí a fuarthas go hiomlán - coinníollacha maidir le ‘soithí’:

Na coinníollacha soithí, mar a thugtar orthu, atá sa tacar malartach rialacha (Airteagal 3(2) de na Rialacha Idirthréimhseacha), tá siad níos simplí agus tugtar níos mó solúbthachta leo. I gcomparáid leis an téacs atá ann faoi láthair (Airteagal 4(2) d’Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM), scriosadh coinníollacha áirithe (i.e. ceanglais shonracha maidir le criú); rinneadh leasú ar roinnt eile chun foráil a dhéanamh maidir le níos mó solúbthachta (úinéireacht).

(b) Oibriú nó próiseáil leordhóthanach – Bonn meánluachanna

Leis an tacar malartach rialacha atá beartaithe (Airteagal 4 de na Rialacha idirthréimhseacha) tugtar solúbthacht don onnmhaireoir údarú a iarraidh ar na húdaráis chustaim chun an praghas díreach ón monarcha agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh ar bhonn meánluachanna chun luaineachtaí i gcostais agus i rátaí airgeadra a chur san áireamh. Leis sin ba cheart gur mhó an méid intuarthachta a bheadh ann d’onnmhaireoirí.

(c) Lamháltas

An lamháltas atá ann faoi láthair (Airteagal 5 d’Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM) tá sé socraithe ag luach 10 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

Leis an téacs atá beartaithe (Airteagal 5 de na Rialacha idirthréimhseacha) déantar foráil maidir le lamháltas 15 % de ghlanmheáchan an táirge i gcás táirgí talmhaíochta, agus déantar foráil maidir le lamháltas 15 % de luach phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás táirgí tionsclaíochta.

Tugtar isteach critéar is oibiachtúla leis an lamháltas meáchain agus le tairseach 15 % ba cheart go mbeadh leibhéal leordhóthanach trócaire ann. Áirithítear freisin leis an lamháltas meáchain nach mbeidh tionchar ag an luaineacht i bpraghsanna idirnáisiúnta na dtráchtearraí ar thionscnamh na dtáirgí talmhaíochta.

(d) Carnadh

Leis an téacs atá beartaithe (Airteagal 7 de na Rialacha idirthréimhseacha) coinnítear ar bun carnadh trasnánach (Airteagal 3 d’Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM) i gcás gach táirge ar choinníoll go nglacfaidh na rannpháirtithe atá rannpháirteach sa charnadh leis an tacar céanna rialacha tionscnaimh malartacha. Ina theannta sin, déantar foráil leis maidir le carnadh iomlán ginearálaithe le haghaidh gach táirge seachas teicstílí agus éadaí a liostaítear i gCaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe (CC).

Thairis sin, déantar foráil maidir le carnadh iomlán déthaobhach le haghaidh táirgí i gCaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe. Ar deireadh, beidh an rogha ag an Aontas agus ag an Éigipt teacht ar

⁶ IO C 51, 10.2.2023, lch. 1

chomhaontú maidir leis an gcarnadh iomlán ginearálaithe a leathnú chuig táirgí atá faoi Chaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe.

(e) Deighilt chuntasaíochta

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 20 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM) féadfaidh údarais chustaim deighilt chuntasaíochta a údarú 'i gcás ina mbíonn deacrachtaí suntasacha ó thaobh costais nó ábhair de chun stoic ar leithligh a choimeád'. Sonraítear leis an riail leasaithe (Airteagal 12 de na Rialacha idirthréimhseacha) go bhféadfaidh údarais chustaim deighilt chuntasaíochta a údarú 'i gcás ina mbíonn ábhair idirmhalartacha thionscnaimh agus neamhthionscnaimh in úsáid'.

Ní bheidh ar onnmhaireoir údar a thabhairt a thuilleadh nuair a bheidh údarú le haghaidh deighilt chuntasaíochta á iarraidh aige, á rá go bhfuil costas nach beag ag baint le stoic ar leithligh a choimeád nó go dtagann deacrachtaí as ó thaobh ábhair de; is leor a shonrú go bhfuil ábhair idirmhalartacha á n-úsáid.

I gcás siúcra, ós rud é gur ábhar nó táirge deiridh é, ní bheidh gá a thuilleadh le stoic thionscnaimh agus neamhthionscnaimh a choimeád scartha go fisiceach.

(f) Prionsabal an chríochachais

Leis na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 11 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM), ceadáítear oibriú nó próiseáil áirithe a dhéanamh lasmuigh den chríoch, faoi choinníollacha áirithe, seachas i gcás táirgí atá i gCaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, amhail teicstílí. An t-eisiamh maidir le teicstílí, níl sé sna rialacha atá beartaithe (Airteagal 13 de na Rialacha idirthréimhseacha) a thuilleadh.

(g) Neamhathrú

Leis an riail maidir le neamhathrú atá beartaithe (Airteagal 14 de na Rialacha idirthréimhseacha a chuirtear in ionad fhorálacha riail an iompair dhírigh faoi Airteagal 12 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM), déantar foráil maidir le tuilleadh trócaire le haghaidh gluaiseacht táirgí tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha. Ba cheart go seachnófaí leis sin cásanna ina ndéantar táirgí, nach bhfuil aon amhras faoina stádas tionscnaimh, a eisiamh ó thairbhe an ráta fhabhraigh tráth a n-allmhairithe toisc nach gcomhlíontar ceanglais fhoirmiúla na forála maidir le hiompar díreach.

(h) Toirmeasc ar aisíocaíocht dleachtanna custaim nó ar dhíolúine uathu

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 14 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM) tá feidhm ag prionsabal ginearálta an toirmisc ar aisíocaíocht dleachta custaim maidir le hábhair a úsáidtear chun aon táirge a mhonarú. Faoi na rialacha atá beartaithe (Airteagal 16 de na Rialacha idirthréimhseach) cuirtear deireadh leis an toirmeasc le haghaidh gach táirge, seachas ábhair a úsáidtear chun táirgí a mhonarú a thagann faoi raon feidhme Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe. Déantar foráil sa téacs, áfach, maidir le roinnt eisceachtaí ón toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta ar na táirgí sin.

(i) Cruthúnas tionscnaimh

Tugtar isteach leis an téacs cineál amháin cruthúnais tionscnaimh (EUR.1 nó dearbhú tionscnaimh–Airteagal 17 de na Rialacha idirthréimhseacha), seachas an cur chuige dúbailte EUR.1 agus EUR.MED (Airteagal 16 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM), rud a shimplíonn an córas go mór. Ba cheart go gcuirfeadh sin feabhas ar chomhlíontacht na n-oibreoirí eacnamaíocha trí bhotúin, a dhéanfaí de dheasca rialacha casta, a sheachaint chomh maith le bainistíocht ag na húdarais chustaim a éascú. Thairis sin, níor cheart go ndéanadh sé difear don inniúlacht cruthúnais tionscnaimh a fhíorú, inniúlacht nach bhfuil aon athrú tagtha uirthi.

Áirítear sna rialacha atá beartaithe freisin (Airteagal 17(3) de na Rialacha idirthréimhseacha) rogha chun cur i bhfeidhm córais onnmhaireoirí cláraithe (REX) a chomhaontú. Is ar na honnmhaireoirí sin, a bheidh cláraithe i mbunachar sonraí coiteann, a bheidh an fhreagracht ráitis tionscnaimh a dhéanamh amach iad féin gan dul trí nós imeachta an onnmhaireora fhormheasta. Beidh an stádas dlí céanna ag an ráiteas tionscnaimh agus atá ag an dearbhú tionscnaimh nó ag an deimhniú gluaiseachta EUR.1.

Thairis sin, déantar foráil leis na rialacha leasaithe maidir leis an rogha teacht ar chomhaontú maidir le húsáid an chruthúnais tionscnaimh, a eisítear agus/nó a chuirtear isteach go leictreonach.

Chun gur féidir na táirgí tionscnaimh atá faoi réir an tacair mhalartaigh rialacha a idirdhealú ó na táirgí tionscnaimh atá faoi réir an Choinbhinsiúin, ní mór ráiteas lena léirítear na rialacha arna gcur i bhfeidhm a chur san áireamh sna deimhnithe tionscnaimh nó sna dearbhuithe sonraisc a bheidh bunaithe ar an tacar malartach rialacha.

(j) Bailíocht an chruthúnais tionscnaimh

Tá sé beartaithe síneadh a chur le tréimhse bhailíochta cruthúnais tionscnaimh ó 4 mhí go 10 mí (Airteagal 23 de na Rialacha idirthréimhseacha agus Airteagal 23 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM). Ba cheart go ndéanadh sé foráil maidir le níos mó trócaire arís i leith ghluaiseacht na dtáirgí tionscnaimh idir na Páirtithe.

3.2. Rialacha liosta

3.2.1. Táirgí talmhaíochta

(a) Luach agus meáchan

Is i luach, agus i luach amháin, a sloinneadh teorainn na n-ábhar neamhthionscnaimh. Is i meáchan a shloinntear na tairseacha nua chun luaineacht i bpraghsanna agus luaineacht san airgeadra a sheachaint (e.g. ex caibidlí 19, 20, 2105, 2106) mar aon le teorainneacha áirithe le haghaidh siúcra (e.g. caibidil 8 nó Córas Comhchuibhithe 2202) a scriosadh.

Leis an tacar malartach rialacha ardaíodh an tairseach le haghaidh meáchain (ó 20 % go 40 %) agus tugadh isteach an fhéidearthacht rogha mhalartach luacha nó meáchain a úsáid le haghaidh ceannteidil áirithe. Go háirithe, is iad seo a leanas, go háirithe, caibidlí agus ceannteidil an Chórais Chomhchuibhithe lena mbaineann an t-athrú: ex-1302, 1704 (meáchan nó luach faoin riail mhalartach), 18 (1806: meáchan nó luach faoin riail mhalartach), 1901.

(b) Oiriúnú do phatrúin foinsithe

Tá táirgí talmhaíochta eile (i.e. olaí glasraí, cnónna, tobac) faoi réir rialacha níos solúbtha atá oiriúnaithe don fhíorchás eacnamaíoch, go háirithe i gcás chaibidlí 14, 15, 20 (lena n-áirítear ceannteideal 2008), 23, 24 den Chóras Comhchuibhithe. Leis an tacar malartach rialacha baintear amach cothromaíocht idir an foinsiú réigiúnach agus an foinsiú domhanda mar atá i gcás chaibidlí 9 agus 12. Rinneadh simpliú ar rialacha freisin (laghdú ar na heisceachtaí) i gcaibidlí 4, 5, 6, 8, 11, ex-13.

3.2.2. Táirgí tionsclaíocha (seachas teicstílí)

I dtaca leis an gcomhréiteach atá beartaithe, tá athruithe suntasacha ann i gcomparáid leis na rialacha atá ann faoi láthair:

- maidir le roinnt táirgí, an riail atá sa Chaibidil faoi láthair, is riail í a bhfuil coinníoll carntha dubailte inti. Déantar coinníoll amháin de sin (Caibidlí 74, 75, 76, 78 agus 79 den Chóras Comhchuibhithe);

- scriosadh líon mór rialacha sonracha, ar maolú iad ón riail mar atá sa Chaibidil (Caibidlí 28, 35, 37, 38 agus 83 den Chóras Comhchuibhithe). Leis an gcur chuige is cothrománaí sin tugtar lánleargas níos simplí d'oibreoirí agus do lucht custaim;

- tá riail mhalartach curtha san áireamh sa riail mar atá sa Chaibidil faoi láthair, rud a thabharfaidh breis roghanna don onnmhaireoir agus an critéar tionscnaimh á chomhlíonadh aige (Caibidlí 27, 40, 42, 44, 70 agus 83, 84 agus 85).

Is é a bheidh mar thoradh ar na hathruithe sin uile rialacha liosta nuashonraithe nuachóirithe, rialacha liosta a fhágfaidh gur fusa, tríd agus tríd, an critéar le haghaidh stádas tionscnaimh táirge a chomhlíonadh. Ina theannta sin, leis an bhféidearthacht thuasluaite maidir le bonn meánluachanna a úsáid thar thréimhse ama chun an praghas díreach ón monarcha agus an luach neamhthionscnaimh a ríomh, cuirfear breis simplithe ar fáil d'onnmhaireoirí.

3.2.3. Teicstílí

I ndáil le teicstílí agus baill éadaigh, tugadh isteach roghanna nua maidir le próiseáil amach agus lamhálaí. Tugadh isteach próisis nua chomh maith chun stádas tionscnaimh a thabhairt i dtaca leis na táirgí sin, go háirithe le haghaidh fabraic a mbeadh sé ag éirí níos fusa teacht uirthi. Ar deireadh, beidh feidhm ag carnadh déthaobhach iomlán maidir leis na táirgí sin. Leis an gcarnadh sin féadfar próiseáil arna déanamh ar ábhair theicstíle (i.e. fíodóireacht, sníomh etc.) a chur san áireamh sa phróiseas táirgeachta sa limistéar carntha.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear *‘na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Áirítear ar na *‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a bhféadfaidís *‘tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh’*⁷.

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í an Chomhairle Comhlachais a bunaíodh le comhaontú, mar atá, an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile.

De réir Airteagal 3 de Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara sin, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh forálacha an Phrótacail sin a leasú.

An gníomh a iarrtar ar an gComhairle Comhlachais a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 76, mír 2 den Chomhaontú Comhlachais.

⁷ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe, gníomh a bhfuiltear ag glacadh seasamh ina leith thar ceann an Aontais.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is iad Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is iad Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE is ceart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Na leasuithe atá beartaithe, a bhaineann leis an tacar malartach rialacha tionscnaimh, tá siad bunaithe ar phrionsabal nuachóirithe de chuid na rialacha tionscnaimh chun iad a ailíniú leis na treochoitaí nua a socraíodh le déanaí ag na Comhaontuithe Saorthrádála. Is gnéithe de shimpliú na nósanna imeachta custaim agus gnéithe den nuachóiriú is mó atá sna rialacha leasaithe i gCoinbhinsiún UEM, amhail:

Oibriú nó próiseáil leordhóthanach – Bonn meánluachanna: trí praghas na n-ábhar neamhthionscnaimh díreach ón monarcha agus a luach a ríomh ar bhonn meánluachanna, agus luaineachtaí an mhargaidh á gcur san áireamh, is mó an méid intuarthachta a bheidh ann d'onnmháireoirí,

Cruthúnas ar thionscnamh: féadfar simpliú a dhéanamh air ós rud é nach n-úsáidfear ach cineál amháin deimhnithe tionscnaimh – EUR.1,

Bailíocht an chruthúnais ar thionscnamh: déantar foráil leis maidir le níos mó trócaire i leith ghluaiseacht na dtáirgí tionscnaimh, tríd an mbailíocht a mhéadú ó 4 mhí go 10 mí).

Na hathruithe sin ar Choinbhinsiún UEM, níl aon tionchar intomhaiste acu ar bhuiséad an Aontais ós rud é go mbaineann a raon feidhme go príomha le héascú na trádála agus comhdhlúthú cleachtas nua-aimseartha ag údaráis chustaim. Déantar foráil leo maidir le héascú roghnach sna réimsí atá fós faoi inniúlacht na n-údarás gan tionchar a imirt ar shubstaint na rialacha (deighilt chuntasaíochta, cruthúnais tionscnaimh, meánú). Déantar foráil le gnéithe áirithe den simpliú (amhail laghdú na gcrítear soithí) maidir le níos mó intuarthachta trí dheireadh a chur le coinníollacha atá deacair d'údaráis chustaim a rialú faoi láthair agus tagraíonn gnéithe eile de na gnéithe sin (neamhathrú) do lóistíocht gan difear a dhéanamh do shubstaint na rialacha.

Cé go leasaítear na forálacha maidir le haisíocaíocht dleachta, coinnítear ar bun an toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta san earnáil teicstílí agus éadaigh, atá fós ar cheann de na príomhearnálacha trádála i limistéar UEM. Déantar códú ar an status quo leis na rialacha leasaithe tríd an toirmeasc

atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le roinnt Páirtithe Conarthacha a choinneáil ar bun. Is é is aidhm don ghinearálú atá beartaithe ar an gcarnadh iomlán i limistéar UEM, na patrúin trádála, mar aon lena gcomhlántacht, atá ann faoi láthair laistigh den limistéar a neartú ach níor cheart, trína bhíthin, aon difear suntasach a dhéanamh do na dleachtanna custaim a bhailítear san Aontas ós rud é go mbeidh ar tháirgí atá faoi réir carntha an ceanglas atá orthu féin maidir le breisluach sa limistéar a chomhlíonadh chun tairbhiú d'fhabhair, faoi mar atá sé faoi láthair.

Is modheolaíocht oiriúnaithe, go príomha, atá sna leasuithe ar na rialacha liosta in earnáil na n-earraí talmhaíochta agus na n-earraí talmhaíochta próiseáilte gan difear a dhéanamh do shubstaint na rialacha. Is i meáchan a shloinnfear na tairseacha reatha agus ní i luach, faoi mar a shloinntear iad faoi láthair. Tá an critéar sin níos oibiachtúla agus níos éasca a rialú ag údarais chustaim. Simpliú na rialacha táirgeshonracha maidir le táirgí tionsclaíochta, ba cheart nach mbeadh ach tionchar teoranta ag an simpliú sin ar ioncaim ó dhleacht chustaim, toisc gur athruithe foinsithe, i gcuid mhaith cásanna, an toradh a bheidh orthu seachas méadú ar allmhairí fabhracha ó thíortha PEM, rud a chuirfí in ionad allmhairí a bhí faoi réir dleachtanna allmhairiúcháin roimhe sin. Ní féidir, dá bhrí sin, tionchar na n-athruithe sin ar ioncam ó dhleacht allmhairiúcháin a chainníochtú. Ó thaobh na trádála de agus ó thaobh thionchar na n-athruithe ar úsáid an chórais um fhabhair de, sna maoluithe a sholáthraítear sna rialacha nua leagtar béim ar an lánpháirtíocht eacnamaíoch sa limistéar iomlán, cuir i gcás san earnáil teicstílí ina bhfuil úsáid an chórais um fhabhair an-ard cheana féin. Na rialacha feabhsaithe maidir le teicstílí agus carnadh, tá siad beartaithe, go príomha, chun feabhas a chur ar an lánpháirtíocht réigiúnach atá ann cheana agus ar infhaighteacht na n-ábhar laistigh den limistéar, agus ní chun cead a thabhairt tuilleadh ábhair neamhthionscnaimh a allmhairiú ó lasmuigh den limistéar.

6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Comhaontú Comhlachais le gníomh ón gComhairle Comhlachais, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinne an tAontas an Comhaontú Eora-Mheánmhara (‘an Comhaontú’) lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2004/635/CE ón gComhairle⁸ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2006. Áirítear sa Chomhaontú Prótacal 4, prótacal a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” agus modhanna comhair riaracháin.
- (2) De bhun Airteagal 3 de Phrótacal 4 maidir le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus le modhanna comhair riaracháin⁹, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a bunaíodh le hAirteagal 74(1) den Chomhaontú (‘an Chomhairle Comhlachais’) a chinneadh forálacha an Phrótacal sin a leasú. De bhun mhír 2 d’Airteagal 76 den Chomhaontú, beidh na cinntí a ghlacfar ceangailteach ar na Páirtithe, a dhéanfaidh na bearta is gá chun iad a chur chun feidhme.
- (3) Tá an Chomhairle Comhlachais le Cinneadh a ghlacadh le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aici nó trí mhalartú litreacha, maidir leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 4.
- (4) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ón gComhairle Comhlachais ina cheangal ar an Aontas.

⁸ Cinneadh ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile (IO L 304, 30.9.2004, lch. 38).

⁹ Cinneadh Uimh. 1/2015 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Éigipt an 21 Meán Fómhair 2015 (IO L 334, 22.12.2015, lch. 62)

- (5) Thug an tAontas an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle¹⁰ agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Leagtar síos leis forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha, forálacha a mbeidh feidhm acu gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe sin.
- (6) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart don Chomhairle Comhlachais cinneadh a ghlacadh lena dtugtar isteach tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún i bPrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú, le go dtagrófar i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm.
- (7) Mar thoradh ar an bplé maidir leis an gCoinbhinsiún a leasú, tá tacar nua rialacha tionscnaimh atá nuachóirithe agus níos solúbtha le hionchorprú sa Choinbhinsiún. Tá sé curtha in iúl ag an Aontas agus ag an Éigipt gur mian leo na rialacha nua a chur i bhfeidhm go déthaobhach a luaithe is féidir, ar bhonn malartach i dteannta na rialacha atá ann faoi láthair agus iad ag feitheamh le toradh deiridh an phróisis leasúcháin.
- (8) Ag tús 2021, tar éis don Chomhairle cinneadh¹¹ a ghlacadh lena mbunaítear seasamh an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais, chuir an tAontas an dréachtchinneadh atá le glacadh ag an gComhairle Comhlachais chun na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh a chur chun feidhme chuig an Éigipt. San fhochoiste deireanach um Chomhar Custaim a tionóladh i gCaireo an 18 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Éigipt in iúl don Aontas gur glacadh leis na rialacha sin agus gan ach forchoimeádas amháin acu a bhaineann le tréscailteacht na hoibleagáide atá in Airteagal 8(4) d'Fhoscríbhinn A, rud a rinne dísciú ar an gcinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh dá réir sin. Dá bhrí sin, ba cheart seasamh nua an Aontais sa Chomhairle Comhlachais AE-an Éigipt a bhunú le cinneadh nua ón gComhairle.
- (9) An oibleagáid ar oibreoirí eacnamaíocha ainm na gcomhpháirtithe a léiriú ar chruthúnais tionscnaimh, chomhaontaigh an dá Pháirtí gan an oibleagáid sin a tharscaoileadh i gcás carnadh trasnánach.
- (10) Le linn an chéad chruinnithe theicniúil maidir le Rialacha Idirthréimhseacha tionscnaimh a tionóladh sa Bhruiséil an 5 Feabhra 2020, chomhaontaigh tromlach na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear an tAontas agus an Éigipt, rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme ('na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh') i gcomhthráth le rialacha an Choinbhinsiúin, ar bhonn déthaobhach idirthréimhseach, go dtí go nglacfar rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin.
- (11) Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tháinig líonra prótacal déthaobhach maidir le rialacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na Rialacha idirthréimhseacha¹². Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an

¹⁰ Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2011 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 4).

¹¹ Cinneadh (AE) 2020/2064 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 a ghabhann leis a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin a ionadú (IO L 424, 15.12.2020, lch. 31).

¹² IO C 51, 10.2.2023, lch. 1.

bpróiseas chun na Rialacha idirthréimhseacha a chur chun feidhme leis na Páirtithe Conarthacha eile, faoi réir na nósanna imeachta um ghlacadh a bheith curtha i gcrích ag na páirtithe.

- (12) Is é is cuspóir do na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh rialacha níos maolaithe a thabhairt isteach chun cáiliú an stádais tionscnaimh fhabhraigh maidir le hearraí a éascú. Ós rud é go bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh níos maolaithe i gcoitinne ná na rialacha atá sa Choinbhinsiún, d'fhéadfaí earraí lena gcomhlíontar na rialacha sin a cháiliú mar earraí tionscnaimh faoi na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh, cé is moite de roinnt táirgí talmhaíochta a aicmítear faoi Chaibidlí 2, 4 go 15, 16 (seachas táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 17 go 24.
- (13) Tá na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh infheidhme i gcomhthráth le rialacha tionscnaimh an Choinbhinsiúin, rud lena gcruthaítear dhá limistéar shainiúla carntha. Dá bhrí sin, in Airteagal 8 d'Fhoscríbhinn A, tugadh isteach cur i bhfeidhm ginearálta na tréscailteachta idir an Coinbhinsiún agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais, beidh sé bunaithe ar dhréachtghníomh na Comhairle Comhlachais a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*